RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1053 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Meitheamh 2021

lena n-aisghairtear na dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí píopaí agus feadán iarainn nó cruach gan uaim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2272

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis imscrúdú frithdhumpála a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle ([2]), an 6 Deireadh Fómhair 2009, de bhun Rialachán (CE) Uimh. 926/2009 ón gComhairle ([3]), forchuireadh dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairiú píopaí agus feadán iarainn nó cruach gan uaim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne. Bhí na bearta i bhfoirm rátaí dleachta *ad valorem*: 17,7 % i gcás Shandong Luxing Steel Pipe Co. Ltd; 27,2 % i gcás cuideachtaí comhoibríocha eile agus 39,2 % i gcás na gcuideachtaí eile uile.

(2) Tar éis imscrúdú athbhreithnithe éaga a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009, an 8 Nollaig 2015, de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2272 ón gCoimisiún, forchuireadh bearta frithdhumpála cinntitheacha go ceann 5 bliana eile ([4]).

(3) An 29 Eanáir 2014, sa bhreithiúnas uaithi ar chás T-528/09, chealaigh an Chúirt Ghinearálta Rialachán (CE) Uimh. 926/2009 a mhéid a bhain le honnmhairiú táirgí arna dtáirgeadh ag Hubei Xinyegang Steel Co. Ltd ("Hubei") ([5]). Rinne an Chomhairle achomharc in aghaidh an bhreithiúnais sin.

(4) Le breithiúnas an 7 Aibreán 2016 sna cásanna comhcheangailte C-186/14 P agus C-193/14 P, sheas Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh le conclúidí na Cúirte Ginearálta agus dheimhnigh sí cealú na mbeart a mhéid a bhain leis an táirgeoir onnmhairiúcháin Hubei ([6]).

(5) An 9 Nollaig 2020, chuaigh na bearta frithdhumpála a forchuireadh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2272 in éag ([7]).

(6) An 4 Feabhra 2021, rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sa chás C-324/19, ar iarraidh ar réamhbhreithiúnas faoi Airteagal 267 CFAE ó Finanzgericht Hamburg, go bhfuil Rialachán (CE) Uimh. 926/2009 neamhbhailí ("an Breithiúnas") ([8]).

(7) De réir Airteagal 266 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá sé de dhualgas ar institiúidí an Aontais na céimeanna is gá a thabhairt chun breithiúnais na Cúirte a chomhlíonadh.

(8) Sa chás C-324/19, bhí sé d'éifeacht ag an mbreithiúnas na bearta bunaidh a neamhbhailíochtú *erga omnes* agus *ex-tunc*. Is ionann sin agus a rá gurb infheidhme an breithiúnas maidir leis na páirtithe uile agus go meastar go bhfuil Rialachán (CE) Uimh. 926/2009 neamhbhailí ón lá a tháinig sé i bhfeidhm.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 343, 22.12.2009, lch. 51).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 926/2009 ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2009 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht a fhorchuirtear ar allmhairiú píopaí agus feadán iarainn nó cruach gan uaim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 262, 6.10.2009, lch. 19).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2272 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2015 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairiú píopaí agus feadán iarainn nó cruach gan uaim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle (IO L 322, 8.12.2015, lch. 21).

([5]) Breithiúnas an 29 Eanáir 2014, Hubei Xinyegang Steel v an Chomhairle, T-528/09, ECLI:AE:T:2014:35.

([6]) Breithiúnas an 7 Aibreán, ArcelorMittal Tubular Products Ostrava a.s. agus Eile v Hubei Xinyegang Steel Co. Ltd agus Comhairle an Aontais Eorpaigh v Hubei Xinyegang Steel Co. Ltd, na cásanna comhcheangailte C-186/14 P agus C-193/14 P.

([7]) IO C 424, 8.12.2020, lch. 32

([8]) Breithiúnas an 4 Feabhra 2021, Eurocylinder systems AG v Hauptzollamt Hamburg-Stadt, C-324/19, AE:C:2021:94.

(9) De bhreis air sin, ós rud é gur cuireadh síneadh leis an mbeart bunaidh in 2015, bhí tionchar neamhdhíreach ag an mBreithiúnas ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2272 chomh maith. Is é an chúis atá leis sin mar, de réir chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh "tá an rialachán lena gcuirtear síneadh neamhbhailí a mhéid atá an rialachán cinntitheach" ([9]). Ar a bharr sin, chun riail na coibhéise a chomhlíonadh ní mór na bearta frithdhumpála a forchuireadh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2272 a aisghairm trí bhíthin Rialachán ón gCoimisiún ([10]).

(10) De thoradh an Bhreithiúnais ina ndearbhaítear go bhfuil Rialachán (CE) Uimh. 926/2009 neamhbhailí ina iomláine, ba cheart na bearta frithdhumpála a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2272 a aisghairm *ex tunc*. Ar a bharr sin, féadfar aon dleacht chinntitheach a íocadh de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2272 a aisíoc nó a loghadh i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim is infheidhme. Dá bharr sin, go háirithe, ní fhéadfaidh an t-oibreoir a d'íoc na dleachtanna sin aisíocaíocht orthu a éileamh, i bprionsabal, ach amháin mura ndeachaigh an tréimhse 3 bliana a leagtar síos chuige sin in Airteagal 121(1)(a) de Chód Custaim an Aontais ([11]) in éag. An dearbhú a rinneadh go raibh Rialachán (CE) Uimh. 926/2009 neamhbhailí (lena n-áirítear le héifeacht *erga omnes*), ní hionann é agus toisc nárbh fhéidir a thuar nó *force majeure* sa chaoi go bhféadfaí síneadh a chur leis an tréimhse sin faoi Airteagal 121(1), an dara fomhír de Chód Custaim an Aontais ([12]).

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Aisghairtear na dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí píopaí agus feadán iarainn nó cruach gan uaim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2272 ón 9 Nollaig 2015 ar aghaidh.

2. Déanfar aon íocaíocht chinntitheach a íocadh de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2272 a aisíoc nó a loghadh i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim is infheidhme.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Meitheamh 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([9]) Breithiúnas an 4 Feabhra 2016, C & J Clark International Ltd v The Commissioners for Her Majesty's Revenue & Customs agus Puma SE v Hauptzollamt Nürnberg, na cásanna comhcheangailte C-659/13 agus C-34/14, AE:C:2016:74, míreanna 175 go 177.

([10]) Breithiúnas an 18 Deireadh Fómhair 2018, ArcelorMittal Tubular Products Ostrava a.s. agus Eile v an Coimisiún Eorpach, T-364/16, AE:T:2018:696.

([11]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

([12]) Féach go háirithe breithiúnas an 4 Feabhra 2016, C & J Clark International Ltd v The Commissioners for Her Majesty's Revenue & Customs agus Puma SE v Hauptzollamt Nürnberg, na cásanna comhcheangailte C-659/13 agus C-34/14, AE:C:2016:74,, míreanna 186-194; breithiúnas an 14 Meitheamh 2012, Compagnie internationale pour la vente à distance (CIVAD) SA v Receveur des douanes de Roubaix agus Eile, C-533/10, AE:C:2012:347, míreanna 16-35; agus breithiúnas an 18 Eanáir 2017, Wortmann KG Internationale Schuhproduktionen v Hauptzollamt Bielefeld, C-365/15, AE:C:2017:19, mír 34.